# Meitheal Forbartha na hEacnamaíochta Baile – Cruinniú 8A

## Cur Síos Gairid

**Dáta:** 19 Bealtaine 2025
**Am:** 11:00 a.m. - 4:30 p.m.

| Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sinsearaí | Cruinniú na Meithle Forbartha<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte, focail tosaigh agus forbhreathnú ar an lá** | D’oscail an Cathaoirleach an cruinniú ag cur fáilte mhór roimh gach ball. Léadh na miontuairiscí agus breathnaíodh ar na nithe a d’éirigh astu. |
| **Nuashonrú: Tuarascáil Chomhairliúcháin** | Dheimhnigh an Feidhmeannas gur foilsíodh an Tuarascáil Chomhairliúcháin. I measc na bpríomh-shaincheisteanna a aithníodh, bhí maoiniú, leithdháileadh ama, cothromaíocht idir teoiric agus cleachtas, agus comhtháthú réasúnaíochta agus aidhmeanna ar fud torthaí foghlama. |
| **Torthaí Foghlama** | Aiseolas ar Thorthaí Foghlama Shnáithe 3: Cuireadh imní in iúl faoin trasnaíl idir ábhair eile, faoi fhoclaíocht na dtorthaí foghlama agus faoi mhéid an inneachair. D’iarr an mheitheal na nithe seo a leanas: teanga níos simplí, téarmaí a sheasfadh an aimsir, agus briathra a bheadh níos inrochtana. Mhol siad comhtháthú an Phróisis Treorach Dearaidh chomh maith nuair ba chuí. |
| **Soiléiriú ar ‘Amhail’ agus ‘Lena n-áirítear’ i gcolún ‘Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas’** | Scaipeadh na sainmhínithe ar ‘amhail’, ‘lena n-áirítear’ agus ‘cainníochtaigh’ chuig an meitheal agus rinneadh athbhreithniú orthu roimh thuilleadh plé ar Thorthaí Foghlama. Shonraigh an mheitheal an tábhacht a bhain leis na téarmaí seo a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs agus le treoir shoiléir a chur ar fáil sa réimse seo |
| **Measúnú** | Rinne an mheitheal athbhreithniú ar cheithre shamhail fhéideartha den Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis, agus breithniú á dhéanamh acu ar ghnéithe amhail barántúlacht, éilimh ar acmhainní, dul chun cinn ón tSraith Shóisearach, agus cothromas. Ba iad an dá shamhail a thug tús áite do neamhspleáchas an scoláire agus do chur i láthair na scileanna praiticiúla ar glacadh is dearfaí leo. I measc na n-ábhar imní, áiríodh socrú amchláir, rochtain dhigiteach, agus róbhéim a d’fhéadfadh a bheith á cur ar scileanna teanga. I measc na moltaí a bhí ann, áiríodh na féidearthachtaí a bhaineann le haighneachtaí físeáin agus le hachomhairc a bhfuil fianaise fhótagrafach leo. |

| | |
|---|---|
| **Seisiún iomlánach** | Cuireadh imní in iúl faoi fhad agus faoi chastacht na dréachtsonraíochta. Mhol an mheitheal go ndéanfaí na torthaí foghlama a bheachtú, go ndéanfaí soiléireacht na mbriathra éagsúla gnímh a fheabhsú agus go gcinnteofaí go mbeadh an tsonraíocht éasca le húsáid agus gur féidir í a chur i gcomparáid le sonraíochtaí eile atá á n-athfhorbairt. |
| Aon Ghnó Eile | Chuir an Cathaoirleach dea-ghuíonna don samhradh in iúl dóibh siúd nach mbeadh i láthair ag an dara lá den chruinniú.<br><br>Chríochnaigh an cruinniú ag 4.30 p.m. |

# Meitheal Forbartha na hEacnamaíochta Baile – Cruinniú 8B

## Cur Síos Gairid

**Dáta:** 20 Bealtaine 2025
**Am:** 9:15 a.m. – 3:00 p.m.

| Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sinsearaí | Cruinniú na Meithle Forbartha<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte, focail tosaigh agus forbhreathnú ar an lá** | D'oscail an Cathaoirleach an cruinniú ag cur fáilte mhór roimh gach ball. |
| **Spíonadh Amach na Scileanna Praiticiúla sna Colúin 'Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas'** | Rinne an mheitheal tobsmaoineamh ar ardscileanna praiticiúla agus teicstílí, ag leagan béim ar dhul chun cinn ón tSraith Shóisearach, agus ar chothromaíocht idir teicnící traidisiúnta agus teicnící nua-aimseartha. Leagadh béim ar scileanna atá diongbháilte agus ar féidir iad a bhaint amach, ar chomhtháthú ar fud snáitheanna, agus ar shoiléireacht sa cholún 'Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas'. Beidh gá le treoir shoiléir a chur ar fáil chun tacú le seachadadh na múinteoirí. |
| **Teagasc agus Foghlaim** | Phléigh an mheitheal cur i bhfeidhm na sonraíochta sa seomra ranga, ag díriú isteach ar Phríomhinniúlachtaí, ar an Snáithe Aontaitheach agus ar Phróiseas na Treorach Dearaidh. Leagadh béim ar oideolaíocht chomhtháite, ar idirdhealú, ar mheasúnú i gcomhair foghlama agus ar an litearthacht dhigiteach. Cuirfidh tuairimí na meithle bonn eolais faoi athbhreithnithe amach anseo. |
| **Moltaí Ginearálta** | Ní dhearnadh aon chinneadh maidir leis an tsonraíocht a idirdhealú de réir leibhéil; déanfar plé air seo i mí Mheán Fómhair. Tharraing an mheitheal aird ar an ngá le soiléireacht chun róspleáchas ar acmhainní seachtracha a sheachaint, agus leag siad béim ar chomhsheasmhacht maidir le téarmaíocht, ar úsáid briathra cuí, ar chomhtháthú scileanna, agus ar chruinneas sa cholún 'Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas'. |
| **Torthaí Foghlama** | Snáithe 1<br>Lorg an mheitheal torthaí foghlama níos soiléire agus níos praiticiúla le téarmaíocht sheasmhach agus briathra cuí. I measc na bpríomhphointí, áiríodh go ndéanfaí macrachothaithigh agus micreachothaithigh a idirdhealú, go ndéanfaí inniúlacht i gcúrsaí bia a leabú, agus go gcinnteofaí go mbeadh nuálaíocht bhia fiúntach agus indéanta i scoileanna.<br><br>Snáithe 2 |

| | |
|---|---|
| | Bhí an plé maidir le Snáithe 2 dírithe ar shoiléireacht, ar ábharthacht fhíorshaoil, agus ar an gcaoi gur cheart don snáithe díriú ar shásamh scoláire agus ar an muinín a chothú chun scileanna a chur i bhfeidhm sa ghnáthshaol. Mhol an mheitheal a bheith cúramach maidir le ró-úsáid an Phróisis Treorach Dearaidh, agus tharraing siad aird ar an ngá le torthaí simplithe, diongbháilte atá ailínithe leis an ngcur i bhfeidhm laethúil. |
| **Measúnú** | D'áitigh an mheitheal go gcaithfidh measúnuithe a bheith oiriúnach don leibhéal, airdeallach ar an am, agus go gcaithfidh siad tacú leis an dul chun cinn. Spreagadh an mheastóireacht bharántúil agus an obair ullmhúcháin, agus idirdhealú soiléir ann idir samhlacha na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta Feidhmí. Moladh leaganacha amach malartacha amhail físeáin taifeadta ag scoláirí chun dul i ngleic le dúshláin lóistíochtúla. Leagadh béim ar an bpróiseas a mheas, seachas an toradh. Rinneadh plé ar threoir bunaithe ar an inbhuanaitheacht agus ar shamplaí ó ábhair eile. |
| **Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile** | Thug an Cathaoirleach agus an Feidhmeannach forbhreathnú ar sceideal na gcruinnithe. Ansin, rinne an Cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An chéad chruinniú eile: 8 Meán Fómhair 2025** |